comhairle feasacht feidhmiú monatóireacht rialú straitéis 2008–2010

An Institiúid Éireannach um Chosaint Raideolaíoch

Plean Straitéise an RPII 2008-2010

Radiological Protection Institute of Ireland
An Institiúid Éireannach um Chosaint Raideolaíoch

Déan teagmháil linn:

An Institiúid Éireannach um Chosaint Raideolaíoch
3 Cearnóg Chluain Sceach
Cluain Sceach
B.Á.C. 14

Teileafón: 01 2697766
Facs: 01 2697437
R-phost: rpii@rpii.ie

Uaireanta oscailte: 9:00am go 5:00pm

Radiological Protection Institute of Ireland
An Institiúid Éireannach um Chosaint Raideolaíoch

Le linn na dtrí bliana ó 2008 go 2010 méadóidh **RPII** leibhéal **feidhmithe** na mbeart, agus leibhéal na **feasachta** fúthu, atá ag teastáil chun **daoine in Éirinn a chosaint** ar éifeachtaí dochracha na radaíochta ianaíche (agus neamh-ianaíche) trí **rialú**, trí **mhonatóireacht** agus trí **chomhairle** eolaíocht-bhunaithe.

ráiteas misin

clár

RÉAMHRÁ **XX**

Cé muid XX

Céard atá bainte amach againn XX

As seo amach XX

TORTHAÍ AN ATHBHREITHNITHE STRAITÉISIGH **XX**

Ag foghlaim ón straitéis reatha XX

Tionchar na bhforbairtí seachtracha agus inmheánacha XX

Luachana eagraíochta: measúnú XX

CAD A DHÉANFAIMID AS SEO AMACH: STRAITÉIS 2008-2010 **XX**

Spriocanna XX

Tionchar XX

Go dtí 2020 agus ina dhiaidh sin XX

Spriocanna straitéise inghnóthaithe – sé réimse gníomhaíochta XX

SAINCHUSPÓIRÍ **XX**

Sainchuspóirí 2008-2010 XX

Saintáscairí Feidhmíochta 2008-2010 XX

Struchtúr agus cultúr XX

Cur i bhfeidhm agus athbhreithniú XX

BUÍOCHAS **XX**

réamhrá

Fáilte go dtí **Doiciméad Straitéise an RPII** don tréimhse **2008-2010**. Aithníonn an RPII go bhfuil Éire ag tús tréimhse **athraithe** agus go bhfuil a lán athróg neamhchinnte ag teacht chun solais. Leis an gcúlra seo san áireamh, tá sé d'aidhm ag an doiciméad straitéise seo a chinntiú go gcoinneofar ardleibhéal na **cosanta ar radaíocht** atá in Éirinn cheana féin agus go gcuirfear leis le linn na dtrí bliana atá romhainn.

Tá an RPII ag súil lena pháirt a ghlacadh mar ghuth neamhspleách agus údarásach ar shaincheisteanna sláinte poiblí a bhaineann le radaíocht; mar chomhairleoir iontaofa ar pholasaí an Rialtais; agus mar sholáthraí seirbhíse don phobal i gcoitinne agus d'eagraíochtaí príobháideacha araon.

Cé muid

Is eagraíocht náisiúnta í an Institiúid Éireannach um Chosaint Raideolaíoch (RPII) ar a bhfuil freagrachtaí rialúcháin, monatóireachta agus comhairleacha i gcúrsaí radaíochta ianaíche. Téann an RPII go háirithe i gcúram na nguaiseacha sláinte a bhaineann le radaíocht ianaíoch agus le héilliú radaighníomhach an chomhshaoil.

Bunaíodh an RPII i 1992 faoin Acht um Chosaint Raideolaíoch, 1991 agus maoinítear í le deontas ón Státchiste agus le hioncam a ghintear ó sheirbhísí cosanta ar radaíocht, ó tháillí ceadúnas agus ó chonarthaí comhairleacha.

Céard atá bainte amach againn

Ó bunaíodh é i 1991, tá raon de chláir rialúcháin, taighde agus faisnéise curtha i bhfeidhm ag an RPII ar aon dul le straitéis agus polasaí an Rialtais maidir le cosaint ar radaíocht. Comhlíonann an RPII na caighdeáin rialachais chorparáidigh is airde ina ghníomhaíochtaí go léir freisin.

De bharr mórchlár sláinte poiblí taighde-bhunaithe, a tosaíodh sna 1990dí, rinneadh measúnú i dtithe timpeall na tíre ar an méid de ghás radóin a bhíonn ann go nádúrtha. Tá méadú suntasach ar fheasacht an phobail ar éifeachtaí dochracha na n-ardleibhéal radóin mar thoradh ar an gclár seo. Cé go bhfuil a lán fós le déanamh chun an méid is a bhíonn daoine faoi lé radóin i dtithe agus in ionaid oibre araon a laghdú, is féidir a rá go bhfuil leibhéal ard cosanta in Éirinn ag an bpobal agus ag oibrithe ar na héifeachtaí dochracha ón úsáid d'fhoinsí rialaithe radaíochta i leigheas, i dtionscal agus i dtaighde agus go bhfuil bonneagar rialúcháin dea-oibrithe ag tacú léi.

Leanann an RPII air ag measúnú an tionchair ar Éirinn mar gheall ar gach ionchur radaighníomhaíochta sa chomhshaol. Ní hamháin an scaoileadh radaighníomhach leanúnach ón gcoimpléasc Sellafield in Cumbria atá san áireamh anseo ach an t-ionchur roimhe seo ón timpiste Shearnóbail agus ó thástáil na n-arm núicléach. Déantar an taighde cuí chun tacú leis na cláir mhonatóireachta atá ann.

Tá ról lárnach ag an RPII i soláthar comhairle don Rialtas agus don phobal maidir le cosaint ar radaíocht. Taispeánann rath ár gclár go dtí seo, dar linn, an cumas dul i ngleic leis na dúshláin áirithe a bhaineann le saincheisteanna casta na radaíochta a léiriú do luchtanna éagsúla. Bhí an teacht éasca ar fhaisnéis ardchaighdeáin trí shuíomh idirlín an RPII atá ann cheana féin agus tacaíocht na gcomhlachtaí gairmiúla eile agus na meán ina n-eilimintí tábhachtacha chun an fheasacht ar rioscaí agus buntáistí na radaíochta ianaíche a mhéadú.

Tá an RPII tiomanta d'ardleibhéal seirbhíse do chustaiméirí ina ghníomhaíochtaí go léir. Tá Cairt Seirbhíse do Chustaiméirí ann agus déantar suirbhéanna go rialta chun méid sásaimh na gcustaiméirí a fháil amach agus chun na réimsí ar chóir iad a fheabhsú a aithint.

As seo amach

Baineadh seasamh an RPII amach mar fhoinse iontaofa na faisnéise neamhspleáiche agus saineolaí de bharr ár dtiomantais do chumas ardleibhéil inár lár-réimsí freagrachta. Is bunús iad na rudaí atá bainte amach againn chun ár bpleananna oibríochta a chur chun cinn san am atá le teacht. Is trí phróiseas críochnúil athbhreithnithe a d'áirigh ionchur lasmuigh agus laistigh den eagraíocht a forbraíodh an straitéis trí bliana 2008 go 2010 a leagtar síos sa doiciméad seo agus tugann an fhís níos fadtéarmaí do ról agus d'ábharthacht an RPII thar an gcéad 10 –15 bliana eile taca fúithi.

torthaí an athbhreithnithe straitéisigh

Thug an méid atá bainte amach ag an RPII thar an tréimhse straitéise deireanaí bunús slán dó óna dtéann sé ar aghaidh anois. Fad a bhí an straitéis á forbairt, bhí an próiseas athbhreithnithe comhdhéanta de mheasúnú ar ghníomhaíochtaí an RPII a bhí bunaithe ar a straitéis 2005-2007 chomh maith le hanailís láidreachtaí, laigí, deiseanna, bagairtí ar an eagraíocht agus an straitéis do 2008-2010 á forbairt. Measadh gur chuid thábhachtach den phróiseas athbhreithnithe breathnú ar na luachanna a thugann taca faoi oibríochtaí an RPII ó lá go lá ós rud é gur comhlacht poiblí atá inti ar a bhfuil sainchúram soiléir faisnéis údarásach agus neamhspleách a chur ar fáil. Rinneadh staidéar agus measúnú ar bhealaí oibre na heagraíochta le linn an phróisis athbhreithnithe agus tá na torthaí sa doiciméad seo.

Ba í an fhoireann ardbhainistíochta a cheap Doiciméid Straitéise an RPII le tacaíocht agus le hionchur ón mBord de dháréag agus trí dhul i gcomhairle le fostaithe, leis an mbainistíocht agus le mór-pháirtithe leasmhara. Iarradh ar na rannpháirtithe go léir feidhmíocht an RPII a rátáil de réir táscairí tábhachtacha agus ionchur a thabhairt ar thosaíochtaí agus ar shaincheisteanna na todhchaí. Rinneadh machnamh cúramach ar aschur na bpróiseas seo le linn na tréimhse athbhreithnithe straitéisigh agus forbraíodh cuspóirí agus tosaíochtaí na straitéise nua uathu.

Ag foghlaim ón straitéis reatha

Measadh go raibh measúnacht mhacánta chríochnúil ar an straitéis roimhe seo ríthábhachtach agus an cur chuige nua á fhorbairt agus bhí an RPII sásta gur thuairimí dearfacha a bhí i bhformhór na dtuairimí, go seachtrach agus go hinmheánach, maidir lena oibríochtaí agus an méid a bhí bainte amach aige. Dheimhnigh an próiseas measúnaithe an tuiscint choiteann gur chomhlíon an RPII roinnt mhaith dá tháscairí feidhmíochta tábhachtacha agus gur thug sé formhór dá phríomhchuspóirí chun críche sna blianta ó bunaíodh é.

Tugadh faoi deara, áfach, go mbainfí leas don eagraíocht as níos mó soiléireachta agus cuspóirí todhchaí á leagadh síos agus á meas agus as níos mó acmhainní a thabhairt dá ról cumarsáide agus tacaíochta. Ceann de na hábhair imní a cuireadh in iúl ná nach raibh an méid a bhí déanta ag daoine eile mar gheall ar ghníomhaíochtaí an RPII ag teacht lena rabhthas ag súil.

Tharraing srianta buiséid agus acmhainní amhras ar chumas na heagraíochtaí dul i ngleic le himeachtaí gan choinne agus chonacthas gur cuireadh brú mór ar an eagraíocht go rialta mar gheall air seo. Chuir an próiseas measúnaithe in iúl go gcaithfear úsáid níos mó a bhaint as córais faisnéis bhainistíochta i bpleananna todhchaí a ligfidh don bhord agus don bhainistíocht monatóireacht níos grinne a dhéanamh ar dhul chun cinn a ghníomhaíochtaí. Aithníodh freisin go bhfuil an eagraíocht i riocht daingean chun feidhmíocht a fheabhsú sa chéad tréimhse forbartha eile mar gheall ar an obair a rinneadh cheana féin ar an straitéis acmhainní daonna agus ar an obair forbartha inmheánaí.

Tionchar na bhforbairtí seachtracha agus inmheánacha

Seachtrach

Rinneadh anailís ar na dálaí seachtracha a rachaidh i bhfeidhm ar straitéis todhchaí an RPII agus aithníodh na saincheisteanna lárnacha seo a leanas:

- Cuirfear béim níos mó ar shláinte phoiblí agus ar an gcomhshaol ag leibhéal an Rialtais agus mar thoradh air sin beidh éileamh níos mó ar ról comhairleach an RPII de réir mar a thugann sé faoina ghníomhaíochtaí rialúcháin agus monatóireachta.
- Tá an díospóireacht ar fhuinneamh núicléach ag teacht chun cinn arís in Éirinn mar thoradh ar imní dhomhanda faoin gcomhshaol agus faoi fhoinsí fuinnimh. Beidh níos mó aire tugtha do shaineolas an RPII ar chúrsaí teicniúla agus ní mór don eagraíocht a chinntiú go mbeidh sí fós neamhspleách agus inchreidte go heolaíoch maidir leis an ábhar seo a d'fhéadfadh a bheith ina shaincheist achrannach díospóireachta.
- Níl cúinsí eacnamaíochta chomh maith ná mar a bhí siad. Tá na réamhinsintí ar 2008 i bhfad níos laige ná mar a bhí siad le blianta beag anuas, cé go dtuartar go mbeidh réiteach air seo le linn thréimhse na straitéise seo. Is cinnte go mbeidh níos mó mionscrúdaithe ar chaiteachas don tseirbhís phoiblí sa ghearrthéarma agus seans go mbeidh tionchar ar acmhainní an RPII agus ar fhonnmhaireacht na bpáirtithe leasmhara tionscadail nua a dhéanamh mar shampla obair ar fheabhsúcháin radóin.
- Tá feidhmíocht na hearnála poiblí agus luach ar airgead fós ar bharr an chláir oibre, rud a chuireann níos mó béime ar fhreagracht agus ar thuairisciú.
- De réir mar a mhéadaíonn raon na saincheisteanna comhshaoil atá sa bhealach ar Éirinn méadaíonn an dúshlán a bhaineann le haird na gcinnteoirí a tharraingt ag an am cuí. Go minic glactar le cur chuige 'bainistíocht géarchéime' in ionad pleanála fadtéarmaí oiriúnaí. Sampla amháin de seo ná bainistíocht na dramhaíola radaighníomhaí in Éirinn.
- Is dúshlán é an dílárú d'eagraíochtaí ag a bhfuil a ranna maoirsithe ag bogadh as Baile Átha Cliath. Is eagraíocht díobh sin é an RPII.
- Shocraigh an Rialtas le déanaí, i bprionsabal, freagrachtaí an RPII a leathnú agus gnéithe na radaíochta neamh-ianaíche a thabhairt dó freisin. Tá sonraí beachta an tsainchúraim agus na n-acmhainní curtha ar fáil don RPII fós le socrú.
- Rinneadh dul chun cinn maidir le haird an phobail i gcoitinne a dhíriú ar an tsaincheist radóin ach tá líon na ndaoine a dhéanann tomhas ina dtithe agus a dhéanann feabhsúchán nuair a aimsítear ardleibhéil inti fós i bhfad ró-íseal.
- Tá imní faoin iomadú núicléach ag dul i méid go hidirnáisiúnta. Cé gur léir go bhfuil ról teoranta ag an RPII maidir leis seo, ní mór dó comhairle agus faisnéis inchreidte a sholáthar ar raon fairsing de shaincheisteanna núicléacha, rud a chuireann brú ar acmhainní atá cúng cheana féin.
- Is ceist thábhachtach i go leor tíortha an bhagairt sceimhlitheoireachta le hábhair radaighníomhacha, Éire san áireamh. Ní mór don RPII ról faisnéise agus comhairleach a ghlacadh i gcomhthéacs an chomhoibríthe idirnáisiúnta maidir leis an tsaincheist seo.
- Is ábhar imní an líon níos lú d'iarchéimithe san eolaíocht go ginearálta agus scoir de roinnt saineolaithe ollscoil-bhunaithe ar chosaint raideolaíoch mar tá seans ann nach mbeidh iarchéimithe a bhfuil na cáilíochtaí cuí acu ar fáil don RPII a thuilleadh.
- Cuireann an méadú fíor-sciobtha i soláthar na seirbhísí radaiteiripe in ospidéil phríobháideacha agus in ospidéil phoiblí araon brú ar acmhainní rialúcháin an RPII.

Inmheánach

Is torthaí na hanailíse iad na tuairimí seo a leanas a rinneadh ar na tosca inmheánacha a théann i bhfeidhm ar fhorbairt an RPII:

- Is foireann thiomanta spreagtha iad baill foirne an RPII ag a bhfuil an oilteacht, an t-eolas agus an taithí chun dul i ngleic leis na hathruithe agus na dúshláin os ár gcomhair.
- Tá meas náisiúnta agus idirnáisiúnta ar an RPII mar gheall ar a obair údarásach agus a sheasamh neamhspleách. De bharr sin téitear i gcomhairle léi faoi gach réimse ina bhfuil oilteacht aici agus as a bhfuil sí freagrach. Tá an chreidiúnacht seo bunaithe ar roinnt cúinsí lena n-áirítear neamhspleáchas, eolas eolaíochta, gníomhaíochtaí tomhais agus monatóireachta, gníomhaíochtaí taighde agus cumhachtaí rialúcháin an RPII agus ardchaighdeán na comhairle atá á cur ar fáil aige.
- Meastar go bhfuil cultúr eagraíochtúil oscailte oiriúnaitheach d'athrú ag an RPII. Tá meas aige ar an gcritic mar mhodh chun soláthar seirbhísí níos fearr a éascú.
- Tá nádúr oiriúnaitheach an RPII léirithe aige le struchtúr eagraíochtúil níos láidre a bhaint amach trí fheabhsúcháin shuntasacha a chur i bhfeidhm ar a chumas agus ar a éifeachtacht inmheánach, rud a éascaíonn a ról mar sholáthraí seirbhíse ardchaighdeáin.
- Feabhsaíodh acmhainn foirne na heagraíochta go suntasach, cé go bhfuil brú uirthi fós, nuair a faomhadh roinnt post, a ceadaíodh le déanaí, a líonadh.
- Aithníonn an RPII go bhfuil seans go gcaithfear cur lena chultúr agus le raon na scileanna ann chun tacú leis an straitéis nua. Ceann de na tosaíochtaí maidir leis seo ná réimsí na tacaíochta agus na cumarsáide poiblí.
- Tá naisc láidre ag an RPII le roinnt comhpháirtithe lárnacha agus tá sé i mbun oibre ar naisc a fhorbairt le rannóga agus gníomhaireachtaí lárnacha eile..

torthaí an athbhreithnithe straitéisigh

Luachana eagraíochta: measúnú

Aithníodh na luachanna seo a leanas sa phróiseas athbhreithnithe mar luachanna atá lárnach d'éiteas an RPII agus atá ina mbunús maidir lena dhul chun cinn:

Ionracas Eolaíochta:

Mar eagraíocht eolaíochta, fanann an RPII ar an eolas faoin smaointeoireacht agus faoi na forbairtí eolaíochta reatha i réimse na cosanta ar radaíocht. Tugann an RPII faoina thaighde féin, tacaíonn sé le taighde eile in Éirinn agus déanann sé athbhreithniú rialta ar litríocht eolaíochta idirnáisiúnta. Bunaítear an chomhairle go léir a thugann an RPII don Rialtas agus don phobal i gcoitinne ar an bhfaisnéis is fearr agus is nua-aimseartha atá ar fáil ag an am.

Tiomantas don tasc reatha:

Maraíonn an radón daoine. D'fhéadfadh mí-úsáid shubstainteach radaighníomhacha nó meaisíní x-ghathaithe bheith ina gcúiseanna le tromghortú nó le bás. D'fhéadfadh scaoileadh neamhchuí d'ábhar raidaighníomhach bheith ina chúis le damáiste don chomhshaol. D'fhéadfadh aineolas i gcás timpiste raideolaíoch nó taisme núicléach bheith ina chúis le bagairt ar an mbeatha. Tá sé sin ar eolas againn.

Oibríonn an RPII ar son chosaint mhuintir na hÉireann agus i gcoinne na n-iarmhairtí seo. Creidimid gur obair ríthábhachtach í seo.

Éiteas seirbhís phoiblí:

Is spreagadh é don RPII an t-áitiús go mbíonn torthaí dearfacha ar a obair dá chomhpháirtithe leasmhara. Déantar an méid atá bainte amach aige a mheas de réir mhéid na maitheasa don phobal i gcoitinne agus do na daoine aonair lena mbíonn sí i dteagmháil.

Neamhspleáchas:

Is riachtanas bunúsach do gach comhlacht rialúcháin é an neamhspleáchas ó thionchar seachtrach, pé réimse oibrithe a bhaineann leo. Tá an RPII bunaithe ag reachtaíocht Rialtais ionas go bhfuil sé neamhspleách ar na heagraíochtaí/eagrais faoina rialú. Bíonn an chomhairle a chuirtear ar fáil don Rialtas agus don phobal i gcoitinne bunaithe ar an eolas eolaíochta is fearr atá ar fáil agus ní bhíonn claonadh aici i dreo aon seasaimh ar leith. Dá bharr sin, tarlaíonn sé uaireanta go mbíonn an chuma ar ráitis an RPII go bhfuil siad ag teacht salach ar thuairimí pobail na huaire.

Ardchaighdeáin agus Ionracas:

Is é éiteas an RPII gach comhairle, eolas agus taighde tionscadal-bhunaithe a sholáthar go cúirtéiseach, go gairmiúil agus go tuisceanach. Ós rud é gur eagraíocht eolaíocht-bhunaithe í an RPII, tá an t-éiteas dírithe ar fhreagracht agus ar thrédhearcacht sna caidrimh sheachtracha agus inmheánacha go léir.

Seirbhís do chustaiméirí:

Léiríonn an Plean Gníomhaíochta um Sheirbhísí Custaiméirí den Scoth agus an Chairt Chustaiméirí tiomantas an RPII do sheirbhís ardchaighdeáin a sholáthar dá chustaiméirí.

Timpeallacht oibre dhearfach:

Oibríonn an RPII go leanúnach chun caidrimh fostaithe den scoth a chaomhnú trí phróisis mar chomhpháirtíocht, cruinnithe foirne, Córas um Fhorbairt Bainistíochta agus Forbartha Feidhmíochta, feidhm tiomnaithe acmhainní daonna a chur ar fáil agus corr-imeachtaí sóisialta.

Straitéis 2008–2010
Cad a dhéanfaimid as seo amach

Spriocanna

Mar thoradh ar an bpróiseas athbhreithnithe tá roinnt spriocanna leagtha amach ag an RPII mar bhunús do mheasúnú a dhéanamh ar a rath le linn na tréimhse 2008-2010:

- Caithfidh faisnéis ar chosaint ar radaíocht a bheith ar fáil go héasca, go so-aimsithe agus go hintuigthe do lucht neamh-eolaíoch, ionas go mbeidh muinín ag an bpobal as an gcumas ann iad a chosaint ar a héifeachtaí dochracha.
- Caithfidh an fhaisnéis a chuireann an RPII ar fáil bheith eolaíocht-bhunaithe agus cruinn i gcónaí. Féachfaidh sé lena sheasamh a chaomhnú mar fhoinse iontaofa faisnéise don pobal agus do luchtanna gairmiúla in Éirinn sa réimse seo.
- Caithfidh an bonneagar rialúcháin náisiúnta maidir le cleachtais agus gníomhaíochtaí oibre lena mbaineann radaíocht ianaíoch bheith iomlán agus ag feidhmiú go héifeachtach. Caithfear na bearnaí a aithníodh sa bhonneagar, polasaí náisiúnta maidir le diúscairt dramhaíola radaighníomhaí mar shampla, a réiteach.
- Caithfear straitéis náisiúnta a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm le dul i ngleic leis na hardleibhéil radóin i dtithe. Caithfidh an straitéis seo bheith dírithe ar na daoine nach raibh páirteach sna staidéir roimhe seo go háirithe agus ar na tithe nua a tógadh le deich mbliana anuas.
- I ndiaidh chinneadh an Rialtais freagracht as radaíocht neamh-ianaíoch a thabhairt don RPII (lena n-áirítear leithdháileadh acmhainní), caithfear na sruthanna nua oibre a chomhtháthú go hiomlán le hobair an RPII.
- Leanfaidh an RPII le comhairle ardchaighdeáin eolaíocht-bhunaithe a chur ar fáil ar shaincheisteanna a bhaineann le cosaint ar radaíocht mar ionchur i bpolasaí an Rialtais. Tabharfaidh clár taighde spriocdhírithe tacaíocht don ról comhairleach seo.

Tionchar

Le linn na tréimhse trí bliana ó 2008-2010, méadóidh an RPII leibhéal feidhmithe na mbeart, agus leibhéal na feasachta fúthu, atá de dhíth chun daoine in Éirinn a chosaint ar éifeachtaí dochracha na radaíochta ianaíche agus neamh-ianaíche trí mheán an rialaithe, na monatóireachta agus na comhairle eolaíocht-bhunaithe.

Déanfar an tionchar a mheas de réir na nithe seo a leanas:

- comhlíonadh na gceanglas rialúcháin ag úsáideoirí.
- comhoibriú éifeachtach leis na comhlachtaí rialúcháin ábhartha agus leis na comhpháirtithe a bhfuil ról acu i réimse na cosanta ar radaíocht.
- próifíl an RPII a bhreisiú i measc cinnteoirí lárnacha.
- teacht éasca don phobal agus don Rialtas ar fhaisnéis ardchaighdeáin agus ar shonraí faireacháin ar na saincheisteanna go léir atá mar ábhar imní dóibh a bhaineann le cosaint ar radaíocht.
- tuiscint níos fearr ag an bpobal ar shaincheisteanna a bhaineann le cosaint ar radaíocht.

Go dtí 2020 agus ina dhiaidh sin

Laistigh de na 10 nó 15 bliana atá romhainn, leanfaidh an RPII le bheith ina fhoinse iontaofa le haghaidh comhairle neamhspleách shaineolach ar shaincheisteanna radaíochta in Éirinn. Is cuid lárnach de seo caidrimh a bhunú agus a chaomhnú ar leibhéil éagsúla. Forbróidh an RPII a sheirbhísí go léir agus cuirfidh sé leo ar bhunús an chruinnis eolaíochta, an dea-chleachtais oibríochtúil agus shármhaithe na cumarsáide. Coinneoidh sé an iontaofacht agus an chreidiúnacht atá ann ag an bpobal i gcoitinne, leanfaidh sé lena dhea-chaidreamh oibre Rialtais a fhorbairt – lena 'máthair'-Roinn, an Roinn Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil – agus le gníomhaireachtaí agus comhlachtaí Rialtais chomh maith. Cuirfidh sí leis an meas atá uirthi i measc eagraíochtaí comhchéime go hidirnáisiúnta.

Straitéis 2008-2010
Cad a dhéanfaimid as seo amach

Aithníonn an RPII gur luach lárnach é an neamhspleáchas chun a chreidiúnacht chomhairleach a choinneáil. Tuigeann sé freisin go bhfuil gá le straitéisí cumarsáide a chuireann saincheisteanna a bhaineann le cosaint ar radaíocht in iúl don phobal agus do pháirtithe leasmhara eile. Cinnteoidh an RPII nach bhfágfar éifeachtaí dochracha na radaíochta ianaíche agus neamhianaíche ar leataobh de réir mar a thagann saincheisteanna tábhachtacha comhshaoil eile chun solais. Measann an RPII gurb í an fhoireann atá ann an acmhainn is fearr agus é ag dul i ngleic leis na dúshláin seo agus na dúshláin atá gan choinne fós. Aithnítear fostaithe an RPII go náisiúnta agus go hidirnáisiúnta mar gheall ar a scileanna agus tá ardleibhéal an spreagtha ag daoine aonair agus ag an ngrúpa san eagraíocht chomh maith leis an acmhainn úrscothach teicneolaíochta atá ann faoi láthair an-tábhachtach chun na spriocanna atá leagtha amach - idir spriocanna meántéarmacha agus spriocanna fadtéarmacha – a bhaint amach.

Measúnú a dhéanamh ar éifeacht na straitéise – táscairí feidhmíochta tábhachtacha

Déanfaidh an RPII an méid atá bainte amach aige a mheas de réir na dtáscairí feidhmíochta tábhachtacha seo a leanas. Aithnítear spriocanna níos mine faoin mír 'Sainchuspóirí' i ndiaidh an doiciméid seo.

- Tá ardchaighdeán rialúcháin ann de réir caighdeán idirnáisiúnta.
- Tá meas ag an Roinn Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil agus ag páirtithe leasmhara eile ar ról an RPII agus tá ardleibhéal muiníne acu as an gcomhairle a chuireann sí ar fáil.
- Tá comhtháthú inmheánach níos mó i rannóga an RPII agus déantar freastal iomlán ar na freagrachtaí nua maidir leis an radaíocht neamh-ianaíoch.
- Tá níos mó tionchair agus éifeachta go seachtrach ag an RPII a chuirtear in iúl le gníomhaíocht inbhraite/intomhaiste agus le hathruithe iompraíochta.
- Tarraingítear acmhainní imleora chun spriocanna tionscadail a bhaint amach agus chun imthosca gan choinne a bhainistiú. Tacóidh cur i bhfeidhm na traenála agus na forbartha foirne éifeachtaí leis an úsáid is éifeachtaí d'acmhainní

Spriocanna straitéise inghnóthaithe – sé réimse gníomhaíochta

D'aithin an RPII sé phríomhréimse gníomhaíochta chun na spriocanna a leagadh amach ina Phlean Straitéise 2008-2010 a bhaint amach. Tá baint dhíreach le trí cinn acu lena ghníomhaíochtaí mar chomhlacht poiblí:

Rialú a dhéanamh ar gach úsáideoir na radaíochta ianaíche.

Monatóireacht a dhéanamh ar leibhéil radaíochta agus measúnú a dhéanamh ar éifeachtaí sláinte trí thomhas díreach agus trí sholáthar na seirbhísí cosanta ar radaíocht.

Comhairle a thabhairt don Rialtas agus d'eagraíochtaí Stáit eile.

Chun na spriocanna seo a bhaint amach go héifeachtach is iad seo a leanas na freagrachtaí a aithníodh laistigh den RPII:

Na dúshláin **eagraíochtúla** a réiteach a chinntíonn go bhfuil na hacmhainní, na scileanna, cúrsaí airgeadais agus an bonneagar comhlíonta láidir agus go bhfuil na córais faisnéis bhainistíochta chuí ann.

Cumarsáid a dhéanamh leo siúd a bhfuil i gcumas dóibh gníomhú a bhaint amach agus **dul i gcion** orthu bunaithe ar thaighde eolaíochta slán agus ar an dea-chleachtas.

Taighde a thionscnamh chun tacú le hobair an RPII agus chun seasamh agus eolas an RPII a chur chun cinn.

Sainchuspóirí

Ionas go mbainfí amach an riachtanas le soiléire níos mó a aithníodh i bpleanáil straitéise an RPII agus le linn dó na táscairí feidhmíochta tábhachtacha a thomhas, d'fhéach an próiseas athbhreithnithe le gníomhaíochtaí sonraithe a aithint ar cóir tabhairt fúthu thar an tréimhse trí bliana chomh maith leis na nithe inmheasta a ndéanfar measúnú ar rath na straitéise dá réir.

Sainchuspóirí 2008-2010

- Dul i ngleic leis na bearnaí atá ann faoi láthair i bhforfeidhmiú na bhforálacha rialúcháin reachtúla sna hearnálacha leighis, tionscail agus oideachais a chinntiú.
- Polasaí forfheidhmithe rialúcháin a fhorbairt.
- Sraith iomlán de dhoiciméid treorach/de chóid chleachtais a bhaineann le ceadúnais Éireannacha a ullmhú.
- Cur chuige seasta a chinntiú i rialú na radaíochta ianaíche sna hearnálacha leighis agus fiaclóireachta.
- Creidiúnú do sheirbhísí cigireachta an RPII a bhaint amach.
- Comhordú na ngníomhaíochtaí ábhartha ag comhlachtaí eile a chinntiú.
- Nuair is gá, athbhreithniú a dhéanamh ar phróisis ghnó agus córais chuí tacaíochta TFC a fhorbairt.
- Socruithe a dhéanamh go ndéanfar piarmheasúnú ar chláir agus ar fhoilseacháin an RPII, mar is cuí.
- Fofheidhmiú na gclár monatóireachta a chinntiú atá ar ardchaighdeán, oiriúnach don fheidhm agus éifeachtach.
- Infhaighteacht a chinntiú den fhaisnéis riachtanach ar radaighníomhaíocht sa chomhshaol agus ar na dáileoga radaíochta faighte ag pobal na hÉireann atá ag teastáil le comhairle údarásach a chur ar fáil.
- Acmhainní foirne agus teicniúla a fhorbairt agus a choinneáil chun freastal ar riachtanais na gcustaiméirí.
- Feasacht i measc na bpáirtithe leasmhara go léir a mhéadú ar chomhairle an RPII ar radón.
- Feasacht fostóirí agus úinéirí tí araon a mhéadú faoi éifeachtaí dochracha an radóin agus líon na dtástálacha radóin a dhéantar gach bliain a mhéadú.
- Spreagadh a thabhairt don Rialtas chun Straitéis Náisiúnta ar Radón a ghlacadh agus a chur i bhfeidhm.
- Cinneadh Rialtais a bhaint amach a aithníonn go bhfuil gá le stóras náisiúnta dramhaíola radaighníomhaí.
- A chinntiú go dtéann an RPII i gcúram freagrachta as gnéithe áirithe na radaíochta neamh-ianaíche agus go bhfuil na hacmhainní riachtanacha lena mbaineann ann.
- Suíomh idirlín an RPII a fhorbairt mar phríomhuirlis chumarsáide an RPII agus a fheidhmiúlacht a fheabhsú de réir ionchais na gcustaiméirí.
- Feasacht an phobail agus an Rialtais a mhéadú ar na rioscaí iarbhír tar éis timpiste núicléach agus ar na gníomhartha a bheadh ag teastáil.
- An Rialtas a choinneáil ar an eolas cothrom le dáta faoi shaincheisteanna a bhaineann le cosaint ar radaíocht.
- Seirbhísí corparáideacha éifeachtacha a sholáthar atá ar aon dul le dea-chleachtais, a thugann luach ar airgead agus a chomhlíonann riachtanais chustaiméirí inmheánacha agus seachtracha an RPII.
- Taighde a thugann tacaíocht d'fheidhmeanna monatóireachta, comhairle agus pleanála éigeandála an RPII a thionscnamh.
- Taighde a thionscnamh chun ardchaighdeán na seirbhísí tomhaiste a chaomhnú.

Saintáscairí Feidhmíochta 2008-2010

- Beidh an córas rialaithe a bhaineann le hiompar na n-ábhar radaighníomhacha go hiomlán cothrom le dáta faoi dheireadh 2008.
- Beidh an chosaint fhisiceach ar fhoinsí radaighníomhacha ina cuid de na cigireachtaí go léir faoi dheireadh 2010 agus beidh tosaíocht ag na foinsí is guaisí le linn 2008.

Sainchuspóirí

- Beidh doiciméid treorach rialála lárnacha ar fáil faoi dheireadh 2010.
- Bunófar teagmháil fhoirmiúil agus rialta leis na gníomhaireachtaí ábhartha go léir atá páirteach i rialúchán na radaíochta ianaíche sna hearnálacha leighis agus déadacha faoi dheireadh 2008.
- Creidiúnófar seirbhísí cigireachta an RPII faoi dheireadh 2008.
- Forbróidh an RPII plean gníomhaíochta a fhéachfaidh le cur i bhfeidhm Rialtais de pholasaí náisiúnta bainistíochta dramhaíola a bhaint amach.
- Déanfar piarmheasúnú ar chlár monatóireacht comhshaoil an RPII in 2009 agus ar ghníomhaíochtaí rialaithe an RPII in 2010.
- Foilseofar teaglaim de shonraí monatóireachta an RPII go bliantúil agus nuashonrófar na sonraí monatóireachta ar shuíomh idirlín an RPII go leanúnach.
- Foilseofar an chéad mheasúnú cuimsitheach ar na dáileoga a fuair pobal na hÉireann in 2008.
- Cuirfidh an RPII glacadh le Straitéis Náisiúnta Radóin chun tosaigh go gníomhach le linn 2008.
- Bunóidh an RPII socruithe foirmiúla leis na Ranna Rialtais agus na gníomhaireachtaí go léir lena bhfuil caidrimh aige faoi dheireadh 2010.
- Comhtháthófar freagrachtaí an RPII maidir leis an radaíocht neamh-ianaíoch go hiomlán leis an gclár oibre atá aige faoi láthair. Braitheann amscála an chomhtháthaithe ar fhaomhadh tosaigh an Rialtais.
- Tabharfaidh an RPII faoin taighde cuí agus foilseoidh sé é in irisí piarmheasúnaithe.
- Seolfar suíomh idirlín RPII nua faoi dheireadh 2008 agus nuashonrófar agus forbrófar é go rialta.
- Bunófar rannóg airgeadais láraithe a bheidh dírithe ar sheirbhís do chustaiméirí a fheabhsú faoi dheireadh 2008.
- Cuirfear córas leictreonach um bainistíocht taifead i bhfeidhm mar is cuí in 2009.
- Leanfar le nuashonrú an chórais bhainistíochta acmhainní daonna ar aon dul le dea-chleachtas.

Struchtúr agus cultúr

Creideann an RPII go dtacóidh an struchtúr eagraíochta atá ann faoi láthair le cur i bhfeidhm na straitéise nua. Beidh níos mó oibre trasrannóige laistigh den eagraíocht ag teastáil chun na gnéithe cumarsáide agus tionchair den straitéis a chur i bhfeidhm atá tábhachtach dá rath. Cé go bhfuil dúshláin ag baint le bealaí nua oibre, creideann an RPII go ligfidh tiomantas agus spreagadh a fhostaithe chomh maith le tacaíocht na bainistíochta dó dul i ngleic leis an dúshlán le linn dó gealltanais agus spriocanna na straitéise a chomhlíonadh.

Cur i bhfeidhm agus athbhreithniú

Forbróidh an RPII pleananna sonracha gnó gach bliain le linn thréimhse na straitéise ina leagfar amach na tascanna atá le déanamh chun na cuspóirí a bhaint amach i ngach réimse gníomhaithe. Beidh athbhreithniú agus monatóireacht thréimhsiúil le déanamh ar na pleananna straitéise agus gnó. Buailfidh an fhoireann ardbhainistíochta le chéile gach sé mhí chun dul chun cinn maidir le targaidí agus spriocanna a athbhreithniú. Aimseoidh an próiseas athbhreithnithe seo na hathruithe a d'fheadfadh a bheith ag teastáil. Déanfar achoimre ar dhul chun cinn i dtéarmaí na spriocanna agus na gcuspóirí i dtuarascáil bhliantúil don bhord gach bliain. Aithneofar aon athruithe suntasacha inti freisin ar an timpeallacht sheachtrach a chruthódh gá le leasú ar an straitéis chomh maith le hathruithe molta na bainistíochta.

Buíochas

Ba chabhair mhór leis an straitéis an méid a rinne an fhoireann, baill an Bhoird, teagmhálaithe lárnacha sa Roinn Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil agus páirtithe leasmhara seachtracha a bhí páirteach sa phróiseas comhairliúcháin. Is mian leis an RPII a bhuíochas dílis a ghabháil leo siúd a bhí páirteach sa phróiseas.